

Samplach

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht bholcánach ar fhorbairt thírdhreach na hÉireann agus tagairt agat do gach ceann acu seo a leanas:

- **Gnéithe ionsáite**
- **Gnéithe easbhrúite. (2017 C1)**

Gné easbhrúite de ghníomhaíocht bholcánach is ea ardchlár laibhe a fhoirmíonn ar thírdhreach na hÉireann. Is tírghnéithe plútónacha ionsáite iad saileanna, dingeáin agus batailití a forbraíodh de bharr gníomhaíocht bholcánach. Is tírdhreacha dromchla iad gnéithe easbhrúite ach bíonn gnéithe ionsáite taobh istigh den domhan.

Talamh ard basait a chlúdaíonn ceantar mór talaimh is ea ardchlár laibhe, a bhfuil taobhanna géara aige. Déantar é trí bhrúchtaí bolcánacha de laibhe bhunata a dhoirteann ó scoilteáin sa screamh. Le linn gach brúchta, sreabhann an laibhe amach, éiríonn sí cruá agus tógann sí sraith i ndiaidh sraithe gach uair. Tá níos lú ná 55% silice i laibhe bhunata, rud a chiallaíonn nach bhfuil mórán gás ceaptha istigh inti. Tá an laibhe an-sreabhach agus leachtach, rud a ligeann do na gáis éalú go héasca. I measc samplaí d'ardchláir laibhe tá Ardchlár Aontroma i gCo. Aontroma. Cruthaíodh é ag teorainn plátaí déanamhasach 60 milliún bliain ó shin. Nuair a thosaigh na plátaí ag bogadh óna chéile, bheadh an tírdhreach cosúil leis an Íoslainn sa lá atá inniu ann. Bhí screamh an domhain sínte agus cruthaíodh scoilteáin ollmhóra as ar shreabh laibhe bhunata. Lean na sruthanna laibhe seo ar feadh 2 mhilliún bliain, agus cruthaíodh ardchlár laibhe atá 1,800m ar airde. Fuaráíonn an laibhe chun basalt a chruthú, carraig dhorcha mhínghráinneach atá frithsheasmhach in aghaidh an tsíonchaithimh agus an chreimthe. De réir mar a d'fhuaigh agus a chrap an laibhe, foirmíodh colúin pholagánacha sa bhasalt. Ag Clochán an Aifir tá na colúin heicseagánach, agus meallann siad neart turasóirí chun an réigiúin.

Feictear tírghnéithe plútónacha faoi dhromchla an domhain, áit ar fuaraigh an magma agus gur éirigh sé cruá le carraigeacha a chruthú. Tá na tírghnéithe seo feiceálach sa lá atá inniu ann mar go ndearnadh síonchaitheamh agus creimeadh don charraig a bhí ina luí orthu.

Mais mhór eibhir is ea batailit, a foirmíodh nuair a bhrúigh magma ón maintlín isteach sa screamh. D'fhuaireadh an magma seo agus d'éirigh sé cruá thar na mílte bliain. Sampla de bhatailit in Éirinn is ea Batailit Laighean i Sléibhte Chill Mhantáin. Batailit eibhir í seo a foirmíodh 400 milliún bliain ó shin le linn thógáil fhillsléibhte Chaladóinach D'fhuaireadh magma laistigh de na carraigeacha fillte.. D'athraigh teas ón magma an charraig a bhí ina luí air seo ó bhonn, agus cruthaíodh fonsóg mheiteamorfach timpeall na batailite. Baineadh an charraig os cionn na batailite trí shíonchaitheamh agus creimeadh, rud a chiallaíonn gur féidir linn an bhatailit nochta a fheiceáil anois mar shliabh eibhir atá idir íseal agus chruinn. Cruthaítear saileanna nuair a bhrúnn magma trí shraitheanna carraige. Fuaireadh an magma agus éiríonn sé cruá mar limistéir mhóra chothroma bruthcharraige. M.sh. An Bhinn Mhór, Co. Aontroma.

Cruthaítear dingéáin de réir mar a bhrúnn magma trí shraitheanna carraige, fuaireadh sé agus éiríonn sé cruá. Is ballaí basailt nó eibhir iad atá ingearach leis na sraitheanna carraigeacha. Tá siad an-choitianta i mbolcáin, áiteanna a mbrúnn magma trí scoilteáin sa chón agus fuaireadh sé ansin. M.sh. Dingéáin basailt san Iúr, Contae an Dúin.